Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13352/20**

**MAP 15**
**MI 522**
**COMPET 593**
**IND 222**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12802/20<br>CM 4798/20<br>CM 4978/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle: Infheistíocht phoiblí tríd an soláthar poiblí: Téarnamh inbhuanaithe agus borradh a chur faoi gheilleagar athléimneach an Aontais<br>– Formheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí téacs na gconclúidí thuas san IARSCRÍBHINN, a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 25 Samhain 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Infheistíocht phoiblí tríd an soláthar poiblí: Téarnamh inbhuanaithe agus borradh a chur faoi gheilleagar athléimneach an Aontais**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Á MHEABHRÚ DI Conclúidí ón gComhairle an 21 Iúil 2020 ina luaitear go mbeidh infheistíocht ollmhór i dtéarnamh inbhuanaithe athléimneach ag teastáil don phlean don téarnamh Eorpach, chun poist a chruthú agus chun an damáiste láithreach a rinne paindéim COVID-19 a dheisiú agus, ag an am céanna, tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais;

Á MHEABHRÚ DI Conclúidí ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020[1] ina gcuirtear i dtreis an gá atá le margadh aonair atá láidir domhain agus le hionstraimí breise a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí saofa a fhágann fóirdheontais eachtracha air;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil pacáiste téarnaimh curtha ar bun ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit chun geilleagar an Aontais a neartú i ndiaidh na géarchéime, pacáiste lena gcuirfear maoiniú ar fáil chun dochar socheacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 a mhaolú;

Á CHUR I dTREIS DI go dteastaíonn iarracht chomhchoiteann chun tacú leis na gnólachtaí dá ndearna an difear is mó agus, ina theannta sin, chun infheistíocht phoiblí a dhéanamh, agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe á chur san áireamh, lena gcothófar cóineasú, athléimneacht agus inbhuaine;

Á CHUR I dTREIS DI ról tábhachtach na hinfheistíochta poiblí do théarnamh agus do chonair fáis gheilleagar na hEorpa atá oiriúnach don todhchaí, agus Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR go ndéantar cuid shuntasach den infheistíocht phoiblí tríd an soláthar poiblí (arbh ionann e agus thart ar 14 % de OTI an Aontais roimh COVID-19;

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an ról ríthábhachtach atá ag córas dea-fheidhmiúil soláthair phoiblí lena n-áirítear straitéisí leordhóthanacha bainistithe riosca chun seirbhísí poiblí a chothabháil agus seirbhísí leasa ghinearálta a sholáthar, go háirithe tráth géarchéimeanna agus cásanna éigeandála;

**1** Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1-2 Deireadh Fómhair 2020: 13/20;

Á CHUR I dTREIS DI go gcuireann Treoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí[2] creat dlíthiúil ar fáil do cheannaitheoirí poiblí chun cuntasacht sa chaiteachas poiblí a ráthú;

Á MHEABHRÚ DI go raibh deacrachtaí ag ceannaitheoirí poiblí le linn phaindéim COVID-19 infhaighteacht na n-earraí agus na seirbhísí riachtanacha a áirithiú chun dul i ngleic leis an ngéarchéim; Á MHEABHRÚ DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Guidance from the European Commission on using the public procurement framework in the emergency situation related to the COVID-19 crisis*[3] [Treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gcreat soláthair phoiblí a úsáid sa staid éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19], lena léirítear na réitigh i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana lena gcuirtear ionstraimí ar fáil do cheannaitheoirí poiblí sna Ballstáit chun dul i ngleic le cásanna éigeandála amhail COVID-19;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá le bearta coisctheacha maidir le hullmhacht agus meastóireacht ar chumas an chreata dhlíthiúil i ndáil le hionstraimí soláthair phoiblí chun dul i ngleic le cásanna géarchéime, agus chun na dálaí is gá a chruthú chun borradh a chur faoin téarnamh;

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI d'Airteagal 92 de Threoir 2014/24[4] maidir le soláthar poiblí, lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha ar an margadh inmheánach, go háirithe maidir le gnéithe amhail dámhachtain trasteorann conarthaí poiblí agus costais bheartaíochta, a eascraíonn as cur i bhfeidhm na dtairseach;

---

**2** Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE;

Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE;

Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE agus;

Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a bhronnadh;

**3** IO 2020/C 108 I/01;

**4** Treoir 2014/24/AE;

Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí is déanaí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an margadh aonair[5] lena gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá ról an tsoláthair phoiblí chun an dá aistriú – an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach – a thabhairt i gcrích agus lena gcuirtear i dtreis freisin nach mór feasacht a mhúscailt i leith dea-chleachtas, trí úsáid a bhaint as critéir spriocdhírithe agus uirlisí digiteacha soláthair phoiblí i ngach tairiscint phoiblí ábhartha;

Á CHUR I dTREIS DI go mbeidh éifeacht shuntasach ag éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí ar infheistíochtaí poiblí tráthúla, leordhóthanacha atá oiriúnach don todhchaí agus a thacóidh leis an téarnamh; agus Á CHUR I dTREIS DI go mbeidh éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí tábhachtach chun téarnamh, fás agus cruthú post cothrom a bhaint amach go rathúil, lena neartófar athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais, cosaint sláinte a shaoránach agus cosaint an chomhshaoil;

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI don treoir ón gCoimisiún maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an Aontais[6]; AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI d'Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE agus
Airteagail 43 agus 85 de Threoir 2014/25/AE;

Á CHUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá creatchomhaontuithe, uirlis soláthair a úsáidtear go forleathan, chun ceannaitheoirí poiblí éagsúla agus a riachtanais soláthair a chur san áireamh trí bhíthin na solúbthachta is gá san ionstraim sin;

**5** 10698/20: 'Margadh Aonair arna dhoimhniú ar mhaithe le téarnamh láidir agus Eoraip iomaíoch, inbhuanaithe';
**6** Teachtaireacht ón gCoimisiún, C (2019) 5494 final;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit obair a dhéanamh i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa, leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún agus na cuspóirí comhchoiteanna á saothrú trí bhíthin struchtúir rialachais éifeachtacha agus comhar láidir ar an leibhéal náisiúnta, agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

**Éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí a fheabhsú chun borradh a chur faoin téarnamh agus chun dul i ngleic le géarchéimeanna amach anseo**

**1.** MEASANN SÍ nach mór dlús a chur leis an infheistíocht phoiblí chun cabhrú le téarnamh gheilleagar an Aontais agus, ag an am céanna, CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le trédhearcacht, cóir chomhionann, iomaíocht chóir agus ionracas sa soláthar poiblí; TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit na creataí ábhartha náisiúnta agus Eorpacha chun soláthar pras éifeachtúil a áirithiú, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc lucht déanta cinntí maidir le struchtúir dhea-fheidhmiúla na gceannaitheoirí poiblí, infheistíocht bhreise a dhéanamh i saineolas agus i ngairmiúlú na gceannaitheoirí poiblí, mar shampla comhlachtaí lárnacha ceannaigh, agus cumas na gceannaitheoirí poiblí a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseacha, go háirithe cruthú post, lena ndéanfar dochar socheacnamaíoch ghéarchéim COVID-19 a dheisiú, an tacaíocht do FBManna agus na tosaíochtaí glasa agus digiteacha a threisiú;

**2.** CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an comhar idir ceannaitheoirí poiblí laistigh de na Ballstáit agus eatarthu le haghaidh infheistíocht phoiblí éifeachtúil le linn an téarnaimh agus chun dul i ngleic le géarchéimeanna amach anseo; IARRANN SÍ, dá bhrí sin, ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí agus, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta, straitéisí agus sásraí comhpháirteacha a bhunú agus aird á tabhairt acu ar riachtanais agus leasanna sonracha FBManna, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cuidiú leis na Ballstáit trí thacaíocht agus treoir a chur ar fáil maidir le soláthar trasteorann agus comhpháirteach;

**3.** MEASANN SÍ go gcuirfidh digiteáil an tsoláthair phoiblí go mór le claochlú digiteach gheilleagar an Aontais, go ndéanfaidh sí an t-ualach riaracháin a laghdú, an trédhearcacht agus an chuntasacht a chothú, agus go bhfeabhsóidh sí timpeallacht ghnó na n-oibreoirí eacnamaíocha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur le claochlú digiteach an tsoláthair phoiblí, trí chomhar poiblí-poiblí freisin; IARRANN SÍ ar na Ballstáit obair i gcomhar le chéile i soláthar réiteach digiteach chun próiseáil sonraí a éascú, agus idir-inoibritheacht á háirithiú ag an am céanna;

**4.** TATHANTAÍONN sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí nuálacha inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhréir leis na straitéisí agus leis an reachtaíocht earnálach iomchuí; IARRANN SÍ ar na Ballstáit glúin nua d'fhoirmeacha caighdeánacha (r-Fhoirmeacha) a chur chun feidhme go huaillmhianach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta, réimsí éigeantacha amhail soláthar poiblí atá glas, freagrach go sóisialta agus nuálach;

**5.** CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá córais réiteach phrasa éifeachtacha chun tionscadail phoiblí a chur i gcrích go tráthúil agus go rathúil, agus TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a gcóras réiteach féin. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar feabhsaithe idir na Ballstáit trí líonra na gcomhlachtaí a dhéanann athbhreithniú céadchéime;

**6.** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dea-chleachtais a shainaithint agus moltaí agus treoir chomhchoiteann a fhorbairt maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a chur i gcrích go tráthúil;

**7.** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha ar an margadh aonair, a eascraíonn as cur i bhfeidhm na dtairseach, a leagtar síos sna Treoracha maidir le Soláthar Poiblí[7], i bhfianaise an ghá atá le borradh a chur faoin infheistíocht ar fud na hEorpa i ndiaidh COVID-19, agus aird á tabhairt freisin ar rochtain FBManna ar na margaí soláthair phoiblí, agus ar ról FBManna i dtéarnamh an Aontais Eorpaigh, tuarascáil ar an méid sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar mhéadú ar na méideanna tairsí is infheidhme a mholadh le linn an chéad bhabhta eile de chaibidlíochtaí, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, mar a luaitear go háirithe in Airteagal 92 de Threoir 2014/24/AE;

**8.** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta breise a shainaithint chun an t-ualach maorlathach agus costais chomhlíonta a laghdú agus chun srianta nós imeachta ar cheannaitheoirí poiblí a laghdú agus é mar aidhm an infheistíocht phoiblí a shimpliú agus a fheabhsú, agus an oiread iomaíochta éifeachta idir oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair a fheabhsú, agus an méid seo a leanas go háirithe a dhéanamh:

- éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chreata soláthair phoiblí a scrúdú, lena n-áirítear na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais;

---

7 Féach Fonóta 2;

- féachaint an bhféadfaí leas a bhaint as an 'réimeas bog' faoi Theideal III de Treoir 2014/24, agus breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leathnaithe chuig seirbhísí eile, i gcomhréir le forálacha an Comhaontaithe maidir le Soláthar Rialtais;
- a mhéid is iomchuí agus is féidir, an tsolúbthacht maidir le húsáid creatchomhaontuithe a shoiléiriú agus, más gá, a mhéadú a mhéid a bhaineann le cainníocht na n-oibreacha, na seirbhísí agus na soláthairtí lena mbaineann a chinneadh, agus a mhéid a bhaineann le téarma an chreat-chomhaontaithe arna bheartú, agus aird á tabhairt freisin ar rochtain FBManna ar na margaí soláthair phoiblí;
- go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar na héifeachtaí eacnamaíocha ar an margadh inmheánach a bhaineann le rialacha soláthair phoiblí a chur i bhfeidhm in earnálacha nach bhféadfadh aon leas trasteorann a bheith iontu (amhail cúram do dhaoine óga agus scothaosta), agus tuairisciú ar thorthaí an athbhreithnithe agus, *inter alia*, ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil, más gá;
- scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht agus ar a oiriúnaí a bheadh sé roinnt socruithe is infheidhme maidir leis na húdaráis chonarthacha (Treoir 2014/24) agus na heintitis chonarthacha a chomhfhogasú
  (Treoir 2014/25);
- machnamh a dhéanamh ar conas dul i ngleic le hábhair imní trí shlándáil (iontaofacht) an tsoláthair a áirithiú.

**9.** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cabhrú le hiarrachtaí infheistíochta sa phróiseas soláthair agus iad a éascú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha a eascraíonn as an staid paindéime, lena n-áirítear acmhainneachtaí digiteacha, agus, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na bearta is gá a shainaithint chun déileáil go héifeachtúil le cásanna éigeandála agus géarchéime sa soláthar poiblí amach anseo, agus an méid seo a leanas a mheas dá réir sin, go háirithe:

- soiléiriú a thabhairt ar raon feidhme Threoir 2014/24, go háirithe maidir le húsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan sin a fhoilsiú roimh ré; ba cheart treoir a bheith sa soiléiriú sin lena sonrófaí na cúiseanna le fíorphráinn agus liosta de shamplaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'earnálacha an-íogair;
- meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le heisiaimh bhreise a thabhairt isteach maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha soláthair chun earraí agus seirbhísí straitéiseacha sonracha a sholáthar i gcásanna éigeandála agus géarchéime, mar thoradh ar phaindéimí, ionsaithe sceimhlitheoireachta, staid na cosanta, bagairtí tromchúiseacha láithreacha ar an tsábháilteacht phoiblí, nó tubaistí nádúrtha;

**Na dreasachtaí cearta a leagan síos tríd an soláthar poiblí le haghaidh infheistíocht agus fás nuálach agus inbhuanaithe san Aontas**

**10.** IS DÍOL SÁSAIMH DI na tograí ón gCoimisiún sa Phlean Infheistíochta don Eoraip Inbhuanaithe chun critéir nó spriocanna don soláthar poiblí glas a thabhairt isteach i dtionscnaimh earnálacha, i gcistiú an Aontais nó i reachtaíocht tháirge-shonrach, agus chun Scagadh Soláthair Inbhuanaithe a bhunú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún uirlisí treorach agus tacaíochta a fhorbairt chun cur chun feidhme tionscadal a chomhchuibhiú le haghaidh tionscadail bonneagair phoiblí inbhuanaithe, lena ndéanfaí inbhuaine fhoriomlán agus tarraingteacht na n-infheistíochtaí a mhéadú;

**11.** CUIREANN SÍ I dTREIS feidhm eiseamláireach na hearnála poiblí maidir le cuspóirí na nithe seo a leanas a bhaint amach: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe; an Comhaontú Glas don Eoraip agus an cuspóir neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine; Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ, a mhéid is iomchuí agus is indéanta, le breithnithe uaillmhianacha comhshaoil, mar shampla critéir nó spriocanna, agus na himpleachtaí praiticiúla atá acu ar nósanna imeachta soláthair á gcur san áireamh freisin agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le tuairisciú agus faireachán mar atá beartaithe sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún coimircí ar chearta an duine agus caighdeáin díchill chuí maidir le cearta an duine a mheas agus, ar an gcaoi sin, comhleanúnachas beartais a chothú a mhéid a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú, go háirithe Rialachán (AE) 2020/852[8] maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, chomh maith leis an tionscnamh ón gCoimisiúin maidir le Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe[9];

---

**8** Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088;

**9** An Coimisiún Eorpach: Comhairliúchán Nua faoi Rialachas Corparáideach Inbhuanaithe, Meán Fómhair 2020;

**12.** IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach chun tacú le fothú acmhainneachta le treoir, oiliúint agus scaipeadh dea-chleachtas chun ról tábhachtach na n-údarás poiblí a chur i dtreis maidir le rannchuidiú le sprioc na neodrachta aeráide in 2050 a bhaint amach. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcleachtadh sin ceannaitheoirí poiblí a chumasú le táirgí agus seirbhísí atá neamhdhíobhálach don aeráid agus tíosach ar acmhainní a chur san áireamh agus, ar bhealach chomh cuimsitheach agus is féidir, ba cheart saolré (seachtrach) agus costais eacnamaíocha a chur san áireamh ina bpróiseas ceannaigh; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún modhanna oibríochtúla a chruthú agus a scaipeadh chun costais saolré a ríomh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcostas a chuirtear i leith seachtrachtaí comhshaoil;

**13.** MEASANN SÍ gur cheart do cheannaitheoirí poiblí a gcumhacht ceannaigh a úsáid ar bhonn straitéiseach chun luach níos fearr ar airgead a fháil, agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá níos glaise, níos nuálaí agus níos ciorclaí, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar inbhuanaithe, i dtáirgí atá in-athúsáidte, in-athchúrsáilte, indeisithe agus tíosach ar acmhainní, agus in athchóiriú foirgneamh poiblí chun feabhas a chur ar a n-inbhuaine agus ar na costais saolré a bhaineann leo a optamú; CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir agus gur cheart ceannacháin phoiblí a úsáid chun tacú le breithnithe sóisialta agus le cearta an duine a chosaint i slabhraí soláthair domhanda, le cuimsiú sóisialta agus le fostaíocht chothrom chun cur in aghaidh éifeachtaí socheacnamaíocha na géarchéime agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoir a chur ar fáil lena n-áirítear samplaí maidir leis an mbealach chun na spriocanna sin a chur chun feidhme laistigh de nós imeachta soláthair;

**14.** CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh trédhearcacht, cuntasacht agus iomaíocht chothrom ríthábhachtach chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní an Aontais agus acmhainní náisiúnta go rathúil agus go héifeachtúil don aistriú glas agus do na hiarrachtaí téarnaimh;

**15.** MEASANN SÍ gur den ríthábhacht é a bheith ar eolas conas is féidir soláthar inbhuanaithe agus nuálach a bhaint amach chun leas a bhaint as an gcumhacht ceannaigh phoiblí agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar Institiúidí eile an Aontais Eorpaigh cumhacht chlaochlúcháin an tsoláthair phoiblí a uasmhéadú trí scileanna agus acmhainneachtaí ríthábhachtacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit chun líonra Eorpach de mhoil chomhairleacha dea-chleachtais a chruthú chun soláthar inbhuanaithe nuálach a fhorbairt; IARRANN SÍ ar na Ballstáit oideachas, oiliúint agus feachtais faisnéise a chothú do cheannaitheoirí poiblí;

**Rannchuidiú tríd an soláthar poiblí le geilleagar an Aontais a dhéanamh níos athléimní**

**16.** MEASANN SÍ go bhfuil ról lárnach ag an nuálaíocht in athléimneacht an gheilleagair Eorpaigh, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do cheannaitheoirí poiblí an t-éileamh ar nuálaíocht a spreagadh; IARRANN SÍ ar na Ballstáit soláthar nuálach a spreagadh agus a chothú;

**17.** TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaidh comhar idir ceannaitheoirí poiblí margaí a mhúnlú, nuálaíocht a spreagadh, agus éifeachtúlacht na hinfheistíochta poiblí a mhéadú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún idirghníomhaíocht a spreagadh idir ceannaitheoirí poiblí agus éiceachórais thionsclaíocha agus nuálaíochta chun comhoiriúnú an éilimh a éascú, lena n-áirítear trí ardáin a shocrú lena gceadófar idirghníomhaíocht idir ceannaitheoirí agus soláthróirí le haghaidh straitéisí foinsithe níos fearr;

**18.** AITHNÍONN SÍ an gá atá le feabhas a chur ar athléimneacht an gheilleagair Eorpaigh, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról ríthábhachtach ag na Ballstáit agus ag a gceannaitheoirí poiblí i ndáil leis an méid sin, go háirithe mar gur infheisteoirí ríthábhachtacha iad i roinnt earnálacha den gheilleagar agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé go mbeidís neamhchosanta ar iomaíocht sheachtrach éagórach;

**19.** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhoibriú chun treoirlínte agus critéir a fhorbairt trí mhodheolaíocht chomhchoiteann chun tacú leis an earnáil phoiblí foinsiú trí bhíthin slabhraí soláthair atá trédhearcach, iontaofa, solúbtha agus éagsúlaithe agus é mar aidhm acu an geilleagar Eorpach a neartú, agus spleáchas straitéiseach ar thríú tíortha a laghdú, go háirithe in earnálacha áirithe den gheilleagar Eorpach, ar earnálacha iad atá ríthábhachtach d'fheidhmiú na seirbhísí poiblí agus don chúram sláinte poiblí, e.g. táirgí íocshláinte agus feistí leighis; déanfar an tionchar ar iomaíocht, ar phraghsanna agus ar nósanna imeachta soláthair a mheas go críochnúil agus cur chuige comhréireach agus spriocdhírithe á chinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin;

**20.** CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá don Aontas clár oibre uaillmhianach cothrom maidir leis an tsaorthrádáil a chur chun cinn agus, ag an am céanna, a leasanna á gcosaint aige i bhfianaise cleachtais éagóracha mí-úsáideacha agus cómhalartacht á háirithiú; IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair ar an Ionstraim um Sholáthar Idirnáisiúnta[10] atá le luathú chun rochtain níos fearr ar sholáthar poiblí i dtríú tíortha a chur chun cinn[11], agus ionstraimí breise a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí saobhacha a bhíonn ag fóirdheontais eachtracha sa Mhargadh Aonair; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an mbealach chun dul i ngleic le héifeachtaí saobhacha a eascraíonn as rannpháirtíocht tairgeoirí a bhfuil gníomhaíochtaí acu i ndlínsí a áirítear ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, rud a d'fhágfadh go mbeadh buntáistí iomaíocha gan údar ann i nósanna imeachta soláthair .

**21.** IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh soiléirithe agus uasdátaithe a dhéanamh, ar bhonn ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus Threoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí, ar an deis atá ann do na Ballstáit agus do cheannaitheoirí poiblí iarmhairtí a shocrú faoi raon feidhme na gcomhaontuithe sin a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht tairgeoirí agus táirgí ó thríú tíortha.

**22.** IARRANN SÍ ar na Ballstáit beartais agus straitéisí cuimsitheacha ceannaigh a chruthú, lenar cheart díriú go háirithe ar earnálacha a mbíonn tionchar suntasach ag an éileamh poiblí orthu, amhail táirgí íocshláinte, feistí leighis nó TF agus, ina theannta sin, breithnithe maidir le hathléimneacht, bainistiú riosca, agus slándáil an tsoláthair á gcur san áireamh.

---

**10** 5752/16- COM (2016) 34 final agus 2012/0060 (COD);
**11** Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1-2 Márta 2020: 13/20.